Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2017**
**(OR. en)**

**9356/17**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2016/0288 (COD)**
**2016/0286 (COD)**

**TELECOM 130**
**COMPET 421**
**MI 433**
**CONSOM 222**
**CODEC 842**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12252/1/16 TELECOM 165 COMPET 486 MI 578 CONSOM 215 IA 72 CODEC 1269 REV 1<br>12257/16 TELECOM 166 COMPET 489 MI 579 CONSOM 216 IA 73 CODEC 1273 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (Athmhúnlú)<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach<br>- Díospóireacht bheartais |

Sa Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ar an 2 Nollaig 2016, bhí na Ballstáit ar fad, geall leis, sásta leis na cuspóirí uaillmhianacha a leag an Coimisiún amach i ndáil le nascacht (lena raibh 5G san áireamh), agus aithníodh a thábhachtaí atá an nascacht dhigiteach ardluais do dhul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta na hEorpa. D'aithin líon mór Ballstát freisin gur gá feabhas a chur ar na dreasachtaí don infheistíocht i mbonneagar digiteach an-ardtoillte, agus leagadh béim ar a thábhachtaí atá an iomaíocht mar an bpríomh-mhodh chun buntáistí a bhaint amach don úsáideoir deiridh.

Tá céimeanna difriúla forbartha bainte amach ag na Ballstáit, agus ag na réigiúin éagsúla laistigh de na Ballstáit, ó thaobh bonneagar na nascachta seasta agus gan sreang. Tá roinnt acu atá chun tosaigh ar an leibhéal domhanda, agus an-ghlacadh le líonraí ardleibhéil iontu agus dian-úsáid á baint astu ag úsáideoirí deiridh, agus tá Ballstáit eile ann atá chun deiridh agus ag iarraidh breith suas ar an gcuid eile, rud atá á dhéanamh ag luasanna éagsúla, ag brath ar an áit. Tá teacht ar leathanbhanda Rochtain Sheasta na Chéad Ghlúine Eile ag 76 % de mhuintir na hEorpa, ach ní léiríonn an uimhir sin an fhíorstaid san Aontas Eorpach, áit a bhfuil an céatadán idir 99 % agus 44 %. Tá an patrún céanna le feiceáil ó thaobh an ghlactha, áit a bhfolaíonn méanfhigiúr an Aontais Eorpaigh éagsúlachtaí de idir 67 % agus 3 %. Shroich clúdach 4G 96% de mhuintir na hEorpa i lár na bliana 2016, faoi dheireadh, ach ba tar éis aistear fada a tharla é seo: ba 79% an clúdach a bhí ann fós ag deireadh 2014 (tráth a raibh clúdach 98% bainte amach ag na Stáit Aontaithe). Cé go raibh clúdach de 98% ag an mBallstát ab fhearr a bhí ag cruthú in 2013, ní raibh aon 4G ar chor ar bith ag trí Bhallstát agus bhí deich gcinn ann ar lú ná 40% an clúdach iontu. Ag cur san áireamh gur tharla na chéad cheantanna 800 MhZ san Aontas Eorpach chomh luath le 2010, thóg sé sé bliana orainn clúdach beagnach uilíoch a bhaint amach. Níor cheart déanamh amhlaidh i gcás 5G más fúinn gur áit tharraingteach, thorthúil a bheidh san Aontas Eorpach don nuálaíocht agus don fhás.

Cé gur sainiúlachtaí náisiúnta nó áitiúla is cúis le han-chuid den éagsúlacht seo, féadann difríochtaí sna cleachtais rialála cur léi freisin. **Is léir, dá bhrí sin, go bhfuil scóip ann chun roinnt fachtóirí ratha ó thaobh na rialála de a mhacasamhlú nó a oiriúnú. Tá scóip ann chomh maith chun cleachtais rialála a sheachaint ar cleachtais iad lena bhféadfaí uasghrádú na líonraí atá ann nó bunú líonraí nua a dhíspreagadh** i measc na n-infheisteoirí reatha nó infheisteoirí eile.

Thacaigh na Ballstáit le cuspóirí an togra ón gCoimisiún agus leis an ról tábhachtach atá ag an gcomhordú agus ag an gcomhar i rialáil na teileachumarsáide, rudaí a chabhraigh leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo sa Mhargadh Aonair Digiteach. Ina theannta sin, sna conclúidí uaithi i mí an Mheithimh 2016, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí comhordú níos fearr ar na modúlachtaí sannta speictrim le go mbeadh an Eoraip chun tosaigh agus líonraí 5G á rolladh amach.

Sa togra uaidh maidir le rialacha teileachumarsáide a athchóiriú, mhol an Coimisiún roinnt beart chun infheistíochtaí iomaíocha a fheabhsú i líonraí seasta agus gan sreang araon. Tá an togra bunaithe ar an smaoineamh go bhfuil infheistíochtaí agus iomaíocht ag dul ar aghaidh i gcúinsí áitiúla atá éagsúlaithe níos mó agus níos mó, agus go bhfuil gá le solúbthacht chun sainiúlachtaí náisiúnta agus go minic sainiúlachtaí fiú níos áitiúla a chur san áireamh. Ag an am céanna, áitítear ann gur gá sin a dhéanamh in éineacht le comhordú feabhsaithe ar an leibhéal Eorpach chun feabhas a chur ar thrédhearcacht rialála, ar intuarthacht agus mar sin ar chinnteacht infheisteoirí - lena n-áirítear do sholáthróirí idirnáisiúnta na hinfheistíochta caipitil - san Aontas ar fad. Tugtar le tuiscint uaidh sin nach féidir plé maidir leis an struchtúr institiúideach a reáchtáil ar bhealach atá scoite amach ó chuspóirí foriomlána CODE agus ó na bearta substainteacha a mholtar chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Chun an comhordú a fheabhsú ar an leibhéal Eorpach, molann an Coimisiún athchóiriú a dhéanamh ar an struchtúr institiúideach, lena n-áirítear trí chúraimí agus struchtúr eagraíochtúil BEREC a leasú araon. Tá sé de bhuntáiste ag BEREC go bhfuil údaráis neamhspleácha agus údaráis náisiúnta speisialaithe ann, a thuigeann go maith a margaí agus na héagsúlachtaí ábhartha eatarthu agus mar sin is dócha go gcuirfidh BEREC in aghaidh ró-lárú. Ina theannta sin, molann an Coimisiún ról BEREC a mhéadú sa chaoi agus go bhféadfaí a áirithiú go n-aithneofaí ceachtanna Eorpacha i gcoitinne chun tabhairt faoi gcomhchuspóir i ndáil le nascacht feabhsaithe agus na ceachtanna sin a chur i bhfeidhm go córasach.

Trí na rialacha is infheidhme a chur i bhfeidhm ar bhealach atreisithe, d'fheadfaí a áirithiú go roinnfí agus go leanfaí dea-chleachtais Eorpacha gan aon mhoill mhíchuí agus cúinsí áitiúla á gcur san áireamh. Mar sin féin, bheadh gá le rialacha níos mionsonraithe agus níos infheidhmithe chuige sin. Mar rogha eile d'fhéadfaí dóthain solúbthachta a fhágáil do na Ballstáit ach an sásra reatha don chomhordú ar leibhéal an Aontais a atreisiú. Is léir ón bplé leanúnach ar an leibhéal oibre go bhfuil gá le solúbthacht agus príomhrialacha á ndearadh agus mar sin ceist thábhachtach don Chomhairle ITF is ea cad iad na réimsí ina n-éilítear atreisiú na sásraí comhordaithe agus cé mhéid is gá iad a atreisiú.

Mar sin ba mhaith linn a iarraidh ar na hAirí a dtuairimí maidir leis an méid thuas a chur in iúl trí dhíriú ar na ceisteanna seo a leanas:

1. **An aontaíonn tú go n-éilítear creat rialacha atá soiléir agus cuimsitheach agus comhordú éifeachtach maidir lena gcur i bhfeidhm i ndairíre don chinnteacht infheistíochta sa mhargadh aonair?**

2. **Cén sásra comhordaithe a bheadh in ann athdhearbhú leordhóthanach a chur ar fáil d'infheisteoirí agus d'iomaitheoirí maidir le hintuarthacht trí mhuinín a thabhairt go roinntear agus go leantar na dea-chleachtas sin ar léiríodh a bhfiúntas?**

---